



2024/1675

14.6.2024

CINNEADH (AE) 2024/1675 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Feabhra 2024

**maidir leis an Státchabhair SA.62829 (2023/C) a chuir an Rómáin chun feidhme le haghaidh Blue Air
Aviation SA**

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 910)

(Is é an leagan Rómáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1), pointe (a), de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na ⁽¹⁾ bhforálacha a luaitear thuas agus ag féachaint dá mbarúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

- (1) An 20 Lúnasa 2020, chinn an Coimisiún gan agóid a dhéanamh i gcoinne cabhair bheartaithe do Blue Air Aviation SA ('Blue Air') i bhfoirm ráthaíocht Rialtais ar iasacht dar luach iomlán RON 300 775 000 (EUR 62,13 milliún) ⁽²⁾, ar bhain EUR 28,29 milliún (RON 136,9 milliún) di le cúiteamh damáiste de bhun Airteagal 107(2), pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus EUR 33,84 milliún (RON 163,8 milliún) di le cabhair tarrthála de bhun na dTreoirínte maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu ('Treoirínte R&R') ⁽³⁾ agus Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE (an 'cinneadh maidir le cúnamh tarrthála') ⁽⁴⁾.
- (2) D'eisigh an Rómáin an ráthaíocht Rialtais an 20 Deireadh Fómhair 2020. Tharraing Blue Air an iasacht ó EximBank S.A. an 23 Deireadh Fómhair 2020. An 22 Aibreán 2021, chuir an Rómáin in iúl don Choimisiún plean athstruchtúrúcháin tosaigh Blue Air ar tugadh tacaíocht dó le síneadh ama sé bliana san iomlán a chur leis an ráthaíocht Rialtais.
- (3) An 12 Lúnasa 2021, sholáthair údaráis na Rómáine faisnéis chun measúnú a dhéanamh ar an gcabhair athstruchtúrúcháin a thacaíonn leis an bplean athstruchtúrúcháin tosaigh.
- (4) An 20 Lúnasa 2021, sholáthair an Coimisiún réamh-mheasúnú ar an gcabhair athstruchtúrúcháin agus d'iarr sé faisnéis bhreise.
- (5) An 16 Samhain 2021, chuir an Rómáin plean athstruchtúrúcháin leasaithe Blue Air (an 'plean athstruchtúrúcháin') in iúl don Choimisiún agus sholáthair sí faisnéis chun measúnú a dhéanamh ar an gcabhair athstruchtúrúcháin a thacaíonn leis an bplean.
- (6) I bhfíschomhdháil an 17 Bealtaine 2022, d'iarr an Coimisiún soiléirithe agus tharraing sé aird ar phríomhfaisnéis a bhí fós ag teastáil chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na cabhrach athstruchtúrúcháin. An 18 Bealtaine 2022, dheimhnigh an Coimisiún i scríbhinn na príomhphointí a pléadh agus mheabhraigh sé na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach maidir le comhoiriúnacht na cabhrach atá le soiléiriú ag an Rómáin.

⁽¹⁾ IO C 195, 2.6.2023, lch. 18.

⁽²⁾ Úsáidtear an ráta malairte RON/EUR = 0,20656 chun críoch léiriúcháin sa chinneadh seo.

⁽³⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirínte maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu (IO C 249, 31.7.2014, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Lúnasa 2020 i gcás SA.57026 (2020/N) – an Rómáin – COVID-19 – Cabhair do Blue Air (IO C 430, 11.12.2020, lch. 2).

- (7) An 8 Iúil 2022, d'iarr an Coimisiún faisnéis ar údaráis na Rómáine maidir leis an bplean athstruchtúrúcháin agus an chabhair tacaíochta. Sheol an Coimisiún meabhrúchán an 6 Meán Fómhair 2022. Níor sholáthair an Rómáin an fhaisnéis a iarradh.
- (8) An 29 Meán Fómhair agus an 5 Nollaig 2022, tar éis tuairiscí sna meáin inar luadh scor tobann sealadach oibríochtaí Blue Air agus tar éis don Choimisiún an t-eolas is déanaí a iarraidh, chuir an Rómáin an Coimisiún ar an eolas faoi staid ghníomhaíochtaí Blue Air agus faoi na bearta a rinne an Rómáin tar éis ghlaoch isteach na ráthaíochta Rialtais dá dtagraítear in aithris (1).
- (9) Le litir dar dáta an 17 Aibreán 2023 ('an cinneadh tosaigh'), chuir an Coimisiún in iúl don Rómáin gur chinn sé tús a chur leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) CFAE i leith na cabhrach. Tar éis dhá mheabhrúchán, chuir an Rómáin a barúlacha isteach an 5 Meán Fómhair 2023.
- (10) Foilsíodh cinneadh an Choimisiúin an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ⁽⁷⁾. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach.
- (11) Fuair an Coimisiún barúlacha ó pháirtí leasmhar amháin. Chuir sé ar aghaidh chuig an Rómáin iad an 1 Lúnasa 2023 agus tugadh deis di freagairt ach ní dhearna sí amhlaidh.

2. AN TAIRBHÍ

2.1. Gníomhaíochtaí Blue Air

- (12) Is cuideachta comhstóic Rómánach é Blue Air, a bunaíodh ar dtús mar Blue Air Airline Management Solutions SRL agus atá ag feidhmiú ó bhí mí Lúnasa 2013 ann. I bpróiseas tairisceana tháinig Blue Air i gceannas ar ghníomhaíocht aeriompair Blue Air Transport Aerian SA nuair a chuir Blue Air Transport Aerian SA deireadh lena chuid oibríochtaí. In 2018, d'athraigh Blue Airline Management Solutions SRL an t-ainm agus an fhoirm dhlíthiúil go Blue Air Aviation S.A. Suas le mí na Samhna 2022, ba le Airline Invest S.A., cuideachta phríobháideach Rómánach nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile aici seachas scaireanna Blue Air a shealbhú, 76,18 % de scairchaipiteal Blue Air, agus ba le beirt daoine aonair leasanna 23,81 % agus 0,1 % faoi seach.
- (13) D'fhás Blue Air a chuid oibríochtaí i gcaitheamh na mblianta cé go raibh míchothromaíochtaí airgeadais ann. Faoi dheireadh 2019, bhí láimhdeachas bliantúil de thart ar EUR 414 milliún ag Blue Air agus d'oibrigh sé 23 aerárthach Boeing-737 lenar iompraíodh 4,2 milliún paisinéir in aghaidh na bliana, agus ba shaoaráigh Rómánacha a bhí ina gcónaí thar lear 60 % díobh. Ó mhí Mheán Fómhair 2021 ar aghaidh, bhí 1 058 bhfostaí ag Blue Air a raibh ceithre bhunáit oibriúcháin aige sa Rómáin agus bunáit amháin aige san Iodáil chun (i) seirbhísí aeriompair paisinéirí idirnáisiúnta agus intíre, (ii) seirbhísí cairtfhostaithe do ghníomhaireachtaí taistil, agus (iii) aerárthaí léasaithe fhliuch a sholáthar ⁽⁸⁾.
- (14) De réir na faisnéise sa phlean athstruchtúrúcháin a cuireadh in iúl an 16 Samhain 2021, bhí líonra Blue Air, ar líonra Eorpach go heisiach é beagnach, agus thart ar 90 ceann scríbe pointe go pointe aige, in iomaíocht le Tarom, Ryanair agus Wizz Air go príomha. D'oibrigh Blue Air 20 de na bealaí sin mar oibreoir aonair. In 36 cinn de na bealaí sin, sholáthair aeriompróir eile seirbhísí iompair freisin. Ar na bealaí eile, d'oibrigh dhá iompróir nó níos mó in éineacht le Blue Air.

2.2. Deacrachtaí Blue Air agus cúnamh tarrthála níos luaithe

- (15) Míníonn an Rómáin go raibh dlús faoi fhás Blue Air, go dtí 2018, agus go ndearna sé infheistíochtaí móra chun bunáiteanna agus bealaí nua a oscailt. Thug Blue Air faoina ghníomhaíocht agus a chlár leathnaithe gan rochtain chuig ar mhaoiniú, rud a d'fhág go raibh saincheisteanna leachtachta agus sócmhainneachta ann. Tugadh faoi deara sa chinneadh maidir le cúnamh tarrthála cothromas diúltach EUR 18,9 milliún faoin 31 Nollaig 2019 agus

⁽⁷⁾ Cf. fonóta 1.

⁽⁸⁾ Faoi shocrú léasaithe fhliuch, soláthraíonn an t-úinéir an t-aerárthach chomh maith le ball foirne amháin ar a laghad. Glacann an t-úinéir freagracht oibríochtúil air féin, lena n-áirítear cothabháil a dhéanamh, árachas a sholáthar, agus freagrachtaí dlíthiúla eile a bhaineann le hoibríochtaí.

cailteanais charntha EUR 37,7 milliún a sháraíonn a scairchaipiteal suibscríofa EUR 0,2 milliún agus cúlcistí EUR 0,62 milliún. Ina theannta sin, tugadh faoi deara sa chinneadh maidir le cúnamh tarrthála go raibh tionchar diúltach mór ag paindéim COVID-19 ar fheidhmíocht Blue Air ó thús mhí an Mhárta 2020 ⁽⁷⁾. Bhí cailteanais agus cothromas diúltach ag carnadh, agus dá bharr sin bhí ar Blue Air iarratas a dhéanamh ar réamhdhócmhainneacht an 6 Iúil 2020.

- (16) Mar a leagtar amach sa chinneadh maidir le cúnamh tarrthála, bhain an ráthaíocht Rialtais dá dtagraítear in aithris (1) le maoiniú iasachta, in éineacht le cúiteamh damáiste faoi Airteagal 107(2), pointe (b), CFAE, chomh maith le cuid den iarmhéid airgid diúltach a bhfuiltear ag súil leis idir mí Mheán Fómhair 2020 agus mí Feabhra 2021, mar a leagtar amach i bplean leachtachta Blue Air. Deonaíodh an iasacht ar feadh 6 bliana, agus an gealltanais fógra a thabhairt faoi phlean athstruchtúrúcháin laistigh de 6 mhí ón deonú. Rinne morgáistí céadchéime ar shócmhainní áirithe de chuid Blue Air agus tríú páirtithe an ráthaíocht Rialtais a urrú ⁽⁸⁾.
- (17) Sa dréacht-Reacht Éigeandála Rialtais a sholáthair an Rómáin ina fógra maidir leis an gcúnamh tarrthála, sonraíodh gur áiríodh sa chomhthaobhacht le haghaidh na ráthaíochta Rialtais, i measc sócmhainní eile, scairseilbh 75 % in Blue Air i seilbh Airline Invest SA agus duine aonair i scairchaipiteal Blue Air. Dá bhforghníomhófaí an ráthaíocht, d'aistreofaí maoin na comhthaobhachta chuig an Stát, a bheadh ina scairsealbhóir ⁽⁹⁾. Níor leagadh amach luach na comhthaobhachta sa reacht.
- (18) An 5 Nollaig 2022, chuir údarais na Rómáine an Coimisiún ar an eolas gur forghníomhaíodh an ráthaíocht Rialtais i bhfabhar an iasachtóra EximBank S.A. agus gur íoc an Aireacht Airgeadais ina n-iomláine na méideanna a bhaineann leis an iasacht ráthaithe atá faoi chonradh ag Blue Air.

3. TUAIRISC AR AN bPLEAN ATHSTRUCHTÚRÚCHÁIN AGUS AR AN gCABHAIR TACAÍOCHTA

3.1. Plean athstruchtúrúcháin: fad agus bearta athstruchtúraithe atá beartaithe

- (19) Cumhdaítear leis an bplean athstruchtúrúcháin le haghaidh Blue Air an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025, i gcomhthráth le blianta airgeadais a tairbhí 2021-2025. Le linn na tréimhse sin, tá roinnt bearta athstruchtúrúcháin oibríochtúla á gcur chun feidhme nó cuirfear chun feidhme iad, go háirithe, bearta chun (i) costais loingis a laghdú, (ii) costas cothabhála a laghdú, lena n-áirítear aerárthaí a dhiúscairt; (iii) seirbhís a choinneáil ar bun agus solúbthacht taistil a áirithiú do phaisinéirí (iv) athstruchtúrú a dhéanamh ar líonra an aerfoirt agus na mbealaí chun aerfoirt phríomh-mhoil a áireamh; (v) straitéis tráchtála a athrú chun bheith ina phríomhiompróir ísealchostais i Lár agus Oirthear na hEorpa, (vi) ranníocaíocht na mbealaí díolacháin dhírigh a mhéadú; (vii) córais TF a athrú ó bhonn; (viii) coigeartuithe eagraíochtúla a dhéanamh agus costais foirne a laghdú; (ix) flít a athnuachan, chun sábháil a dhéanamh ar chostas breosla agus deimhnithe CO₂; (x) gníomhaíochtaí teicniúla agus cothabhála a oscailt don mhargadh trí aistriú chuig eintiteas nuachruthaithe; agus (xi) fiach a athsceidealú agus dócmhainneacht a chosc.

3.2. Maoiniú an phlean athstruchtúrúcháin

- (20) Is EUR 194,26 milliún méid na n-acmhainní airgeadais is gá chun na costais athstruchtúrúcháin a chumhdach. Áitíonn an Rómáin go ndéanfaí na costais a mhaoiniú i bpáirt le cabhair athstruchtúrúcháin, ar mhéid EUR 33,84 milliún, agus i bpáirt le ranníocaíocht dhílis ó Blue Air, ar mhéid EUR 160,42 milliún.

⁽⁷⁾ Cinneadh maidir le cúnamh tarrthála, aithrisí (11) go (13), (36) agus (102).

⁽⁸⁾ Cinneadh maidir le cúnamh tarrthála, aithrisí (19), (20)(g) agus (45) go (48).

⁽⁹⁾ Glacadh an dréacht a cuireadh isteach san fhógra mar Ordonanta de Urgenta Guvernul României n°139 din 19 Lúnasa 2020, arna fhoilsiú in Monitorul Oficial n° 763 an 20 Lúnasa 2020. Leagadh amach in Airteagal 4(2) den dréachtreacht a soláthraíodh san fhógra liosta na comhthaobhachta a cuireadh i ngeall mar mhorgáiste agus in Airteagal 9(2) leagadh síos prionsabal an aistrithe chuig an Stát agus úinéireacht an Stáit dá bhforghníomhófaí an ráthaíocht, tríd an Aireacht Iompair, Bonneagair agus Cumarsáide.

- (21) A mhéid a bhaineann le maoiniú an phlean athstruchtúrúcháin, chuir an Rómáin an Coimisiún ar an eolas ar dtús go raibh an ráthaíocht Rialtais lena gcumhdaítear an iasacht cúnaimh tarrthála á coinneáil, mar chabhair athstruchtúrúcháin i bhfabhar Blue Air feasta, suas go dtí aibíocht sé bliana na hiasachta sin, rud a fhágann gur féidir í a aisíoc faoi 2026. Ina dhiaidh sin, an 5 Nollaig 2022, chuir an Rómáin an Coimisiún ar an eolas gur forghníomhaíodh an ráthaíocht Rialtais agus gur íoc an Aireacht Airgeadais ina n-iomláine na méideanna a bhaineann leis an iasacht ráthaithe atá faoi chonradh ag Blue Air. Agus na forálacha dlíthiúla a bhaineann le comhthaobhacht na ráthaíochta á gcur chun feidhme, ghlac an Stát, tríd an Údarás Riaracháin Sócmhainní Stáit, 75 % de na scaireanna in Blue Air⁽¹⁰⁾, agus d'fhan an chuid eile de 25 % de scairchaipiteal iomlán Blue Air le Airline Invest S.A. (1,191 %) agus le duine aonair (23,809 %).
- (22) A mhéid a bhaineann leis an gcuid den mhaoiniú a líomhnaítear nach bhfaigheann cabhair, áirítear sa phlean athstruchtúrúcháin, go háirithe, na foinsí breise seo a leanas:
- (a) díscríobhanna fiachais d'oibleagáidí seirbhíse do thríú páirtithe arb ionann iad agus EUR 34,79 milliún. Áirítear leis na tríú páirtithe: (i) paisinéirí Iodálacha, (ii) creidiúnaithe na Rómáine agus na hIodáile mar chuid de chomhaontuithe maidir le comhdhéanamh breithiúnach agus (iii) creidiúnaithe éagsúla tar éis idirbheartaíocht chonartha;
 - (b) D'aisíocfadh scairshealbhóirí Blue Air seachas an Stát fiachas EUR 28,57 milliún atá dlite de Blue Air le léasóirí aerárthaí príobháideacha, rud a d'fhágfadh go mbeadh siad ina gcreidiúnaithe sealadacha ag Blue Air; dhéanadh na scairshealbhóirí an fiachas sin a chomhshó ina chothromas Blue Air trí thrí chéim a bhí le cur i gcrích ag deireadh 2022, rud a shaoradh Blue Air ón bhfiachas a aisíoc;
 - (c) dífheistiú aerárthaí atá geallta faoi láthair i bhfabhar NAFA- agus ALC- Aero Leasing 3 Designated Activity Company, a bhfuil coinne leis go mbeidh ranníocaíocht dhílis EUR 5,89 milliún mar thoradh air. Luann an Rómáin go raibh an nós imeachta díolacháin le cur i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2023;
 - (d) maoiniú seachtrach ar mhéid EUR 54,47 milliún, lena n-áirítear comhfhiontar a chur ar bun chun aerlíne nua a oibriú ar mhéid EUR 14,47 milliún agus cistiú EUR 40 milliún chun an bhearna leachtachta a chumhdach in 2021 agus 2022 agus chun inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí a áirithiú le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin;
 - (e) acmhainní a ghintear go hinmheánach, lena n-áirítear EUR 30,02 milliún de ghiantorthaí beartaithe (tuilleamh) a bhfuil coinne leo le linn na bliana airgeadais 2022.

3.3. Inmharthanacht fhadtéarmach a athbhunú: réamh-mheastacháin airgeadais

- (23) Tugtar tuairisc sa phlean athstruchtúrúcháin go bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh méadú ar líon na n-aerárthaí ó 19 in 2020 go 23 in 2023 agus go bhfanfaidh sé cobhsaí ina dhiaidh sin go dtí 2025. Mhéadódh na suíocháin a bheadh ar fáil in aghaidh an chiliméadair ó 7,2 milliún in 2019 agus 3,2 milliún in 2020 go 10,2 milliún in 2023 agus bheadh siad cobhsaí go dtí 2025. Thairis sin, míníonn an Rómáin gurb é is aidhm do na bearta athstruchtúrúcháin oibríochtúla a áirithiú go gcuirfidh Blue Air dlús leis an bpróiseas athstruchtúrúcháin líonra chun leanúnachas gnó a áirithiú trí choigeartú tapa agus leanúnach a dhéanamh ar an acmhainn atá ar fáil chun freagairt ar éileamh.
- (24) Tuairtear sa phlean athstruchtúrúcháin go mbainfidh Blue Air amach tuilleamh dearfach roimh ús, cánacha, dímhéas agus amúchadh ('EBITDA') agus corrlach EBITDA ar ioncaim 16,8 % ó 2022 ar aghaidh, agus meastar go dtiocfaidh méadú air go dtí deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin, mar a léirítear i dTábla 1. Ina theannta sin, de réir na meastachán ar an sreabhadh airgid sa phlean, idir 2022 agus 2025, bheadh insreabhadh airgid Blue Air thart ar EUR 600 milliún agus thart ar EUR 580 milliún d'eis-sreabhadh airgid, agus iarmhéid dearfach airgid ó 2022 ar aghaidh, a shroichfeadh EUR 21 mhilliún ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin.

⁽¹⁰⁾ Mar atá i bhfeidhm anois arna leasú le dlí n 162 an 30 Bealtaine 2022 a foilsíodh in Monitorul Oficial n°534 an 31 Bealtaine 2022, le hAirteagal 9(2) de Reachta Éigeandála an Rialtais n 139 an 19 Lúnasa 2020, ainmnítear an tÚdarás Riaracháin Sócmhainní Stáit mar shealbhóir na sócmhainní gaolmhara Blue Air agus sócmhainní eile thar ceann an Stáit – seachas an Aireacht Iompair, Bonneagair agus Cumarsáide roimhe sin.

Tábla 1

Sonraí airgeadais roghnaithe ón bplean athstruchtúrúcháin (na blianta airgeadais 2021 go 2025, sonraí i milliúin EUR)

	Tréimhse athstruchtúrúcháin				
	FY21	FY22	FY23	FY24	FY25
Ioncam	112,01	344,02	424,63	443,31	460,75
EBITDA	(58,21)	57,76	98,24	104,86	103,59
EBIT	(58,49)	19,09	39,77	42,86	42,46
Glantoradh	(68,04)	30,02	8,83	12,95	19,93
Comhardú an tsreafa airgid	(3,81)	19,45	11,65	12,07	21,28
Corrlach EBITDA	– 51,9 %	16,8 %	23,1 %	23,6 %	22,5 %

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin, ranna 4 agus 7, leathanaigh 16 agus 46

(25) Áirítear sa phlean athstruchtúrúcháin réamh-mheastacháin airgeadais i mbonnchás leis na sonraí airgeadais a chuirtear i láthair i dTábla 1. Ní áirítear sna réamh-mheastacháin aon fhaisnéis maidir leis an staid chothromais agus an méid caipitil a úsáidtear, ná cás éadóchasach. Ní mhínítear sa phlean conas a leigheasfadh Blue Air na fadhbanna sócmhainneachta a léirítear leis an staid chothromais fhíordhiúltach a thaifeadtar in aithris (15). Thairis sin, tugann na glantorthaí carnacha idir 2021 agus 2025 a léirítear i dTábla 1 le fios nach dtiocfadh feabhas ábhartha ar an staid chothromais agus nach n-éireodh sé dearfach le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin, fiú dá n-insteallfaí caipiteal úr mar a bhí beartaithe (féach aithris (22)).

(26) Agus an plean athstruchtúrúcháin á chur in iúl aici, bhí an Rómáin muiníneach go nginfeadh Blue Air acmhainní leordhóthanacha chun an iasacht a dtugtar cabhair ina leith a aisíoc go hiomlán le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin. An tráth céanna, áfach, chuir an Rómáin i dtábhacht freisin go raibh marthanais an tairbhí fós i mbaol mar gheall ar na caillteanais mhóra a tabhaíodh ó 2020 ar aghaidh agus mar gheall ar leachtacht theoranta.

3.4. Bearta lena gcuirtear teorainn le saobhadh iomaíochta

(27) Mhol an Rómáin bearta struchtúracha agus laghdúithe ar ghníomhaíochtaí gnó, chomh maith le bearta iompraíochta atá dírithe ar shaobhadh iomaíochta arb í an chabhair athstruchtúrúcháin is cúis lena dteorannú.

3.4.1. Bearta struchtúracha – dífheistiú agus laghdú gníomhaíochtaí gnó

(28) Is iad seo a leanas dífheistiú agus laghdú na ngníomhaíochtaí gnó atá le déanamh ag Blue Air:

- na bunáiteanna agus na bealaí oibríochtúla neamhbhrabúsacha a laghdú, lena n-áirítear naoi mbealach a dhúnadh faoi mhí Dheireadh Fómhair 2021 agus dúnadh bunáiteanna Larnaca (an Chipir) agus Iași (an Rómáin) ó mhí Aibreáin 2020 ar aghaidh;
- ceithre aerárthach a chur ar ais roimh ré;
- seachtrú riaracháin, sláinte, sábháilteachta agus slándála oibre agus sochar agus gníomhaíochtaí cúitimh;
- ina theannta sin, ós rud é gurb é an beart is tábhachtaí chun saobhadh iomaíochta a theorannú, de réir na Rómáine, leathnóidh an fhochuideachta um chothabháil aerárthaí Blue Air Technic S.R.L., soláthar seirbhísí cothabhála chuig cuideachtaí eile seachas Blue Air.

3.4.2. Bearta iompraíochta

- (29) De réir na haighneachta ó údaráis na Rómáine, leagadh síos bearta iompraíochta sa bhunús dlí don ráthaíocht Rialtais agus don chomhaontú iasachta gaolmhar lena n-áirítear nach n-úsáidfear cabhair ach amháin chun athbhunú inmharthanachta fadtéarmaí a mhaoiniú, ionas nach n-úsáidfear an iasacht le haghaidh na nithe seo a leanas:
- (a) leathnú tráchtála ionsaitheach nó rioscaí iomarcacha a thógáil;
 - (b) iomaitheoirí nó oibreoirí eile a fháil, lena n-áirítear oibríochtaí réamhtheachtacha nó iarteachtacha;
 - (c) tras-fhóirdheonú gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile de chuid fiontar comhtháite a bhí i gcruachas i mí na Nollag 2019;
 - (d) ina theannta sin, ní mhéadófar luach saothair aon chomhalta bainistíochta de chuid an tairbhí os cionn an leibhéil a bhí ann i mí na Nollag 2019, go dtí go n-aisíocfar an iasacht agus an ráthaíocht Rialtais.

3.5. Ról Blue Air sa Rómáin agus cás frithfhórasach gan an chabhair

- (30) De réir údaráis na Rómáine, i bhfianaise drochstaid an ghréasáin bóithre agus an líonra iarnróid sa Rómáin, tá Blue Air rithábachtach chun nascacht idir-réigiúnach a áirithiú laistigh dá líonra bealaí. Mhínigh an Rómáin go raibh an fás a tháinig ar Blue Air le 15 bliana oibríochta anuas – agus gníomhaíocht a cuideachta réamhtheachtaí á cur san áireamh freisin – ag teacht le patrún imirce na Rómáine. Thairg Blue Air a sheirbhísí ar phraghsanna inacmhainne d'oibrithe Rómánacha atá ina gcónaí ar an gcoigríoch. Lean an chuideachta de bhealaí intíre a fhorbairt, in éineacht leis an iompróir Rómánach ceannasach Tarom, ach ar phraghsanna níos iomaíche, chun an bhearna nascachta talún a chúiteamh, rud a d'áirithigh nascacht de níos mó ná 700 000 saoránach in aghaidh na bliana. Ba dhona an freastal a bhí á dhéanamh ag iompróirí idirnáisiúnta ar chuid de na gearrbhealaí sin.
- (31) D'áitigh an Rómáin go raibh ról tábhachtach ag Blue Air freisin sa gheilleagar áitiúil, sa mhéid is go gcruthaíonn sé láimhdeachas in aerfoirt bheaga réigiúnacha agus go gcuireann sé le buiséad an Stáit trí chánacha agus trí íocaíochtaí slándála sóisialta. D'áitigh an Rómáin go raibh foireann oiliúna ag a raibh an-taithí ag an tairbhí agus go soláthraíonn sé cúrsaí oiliúna gairmiúla a bhfuil breislúach ard ag baint leo, mar shampla oiliúint 'ab initio' do phiólótaí, agus oiliúint rialta do phiólótaí, don fhoireann cábáin agus don fhoireann theicniúil. De réir na Rómáine, bhí sé sin tábhachtach do gheilleagar na Rómáine.
- (32) Sna haighneachtaí tosaigh uathí, d'áitigh an Rómáin go mbeadh imeacht Blue Air ón margadh ina chúis le teip mhargaidh agus cruatan sóisialta de réir bhrí phointe 44 de Threoirlínte R&R. Dhéanadh imeacht Blue Air as an margadh dochar do gheilleagar agus do nascacht na Rómáine mar gheall ar an ról tábhachtach atá ag Blue Air maidir le hoibrithe imirceacha agus fiontraíthe beaga a iompar chuig an Rómáin, ón Rómáin agus laistigh di. D'áitigh an Rómáin go mbeadh sé deacair d'iomaitheoirí dul isteach agus na cinn scríbe agus na slótáin atá ag líonra uathúil Blue Air a fhorbairt sa gearrthéarma go dtí an meántéarma.
- (33) An 29 Meán Fómhair 2022, tar éis iarraidh an Choimisiúin, thug an Rómáin le fios gur chuir Blue Air na heitiltí uile ar fionraí ar dtús ón 6 Meán Fómhair 2022 ar aghaidh go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2022, mar gheall ar easpa cistithe le haghaidh gnáthoibríochtaí lena n-áirítear costais bhreosla. Sa ghearrthéarma, na mílte paisinéirí de chuid Blue Air a bhí sáinnithe, thóg Wizz Air, Ryanair nó Tarom abhaile iad nó thairg siad suíocháin dóibh.
- (34) An 5 Nollaig 2022, mhínigh an Rómáin gur chuir Blue Air an Aireacht Iompair agus Bonneagair ar an eolas nach dtosódh sé eitiltí arís roimh mhí an Mhárta 2023 agus go raibh sé i mbun plé le hinfeistearaí féideartha a d'fhéadfadh maoiniú a sholáthar chun oibríochtaí aeriompair a atosú. Ag an am sin, de réir na Rómáine, ní raibh ach ceann amháin de na 6 aerárthach Boeing-737 i bhflít Blue Air aeracmhainneach.
- (35) An 18 Samhain 2022, chinn údaráis na Rómáine ceadúnas oibríochta Blue Air a chur ar fionraí, ón 21 Samhain 2022 go dtí an 31 Márta 2023. Chuir an Rómáin an Coimisiún ar an eolas gur féidir an fhionraíocht sin a athbhreithniú má chuireann Blue Air plan téarnaimh airgeadais i láthair ina léirítear gur shainaithin sé na hacmhainní airgeadais atá oiriúnach agus is gá chun na hoibríochtaí aeriompair a mhaoiniú ar mhéid a fhágann gur féidir leis a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

3.6. Foras chun an nós imeachta a thionscnamh

- (36) Sa chinneadh tosaigh, mheas an Coimisiún roimh ré go bhféadfadh Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a bheith i gceist le (i) leanúint den ráthaíocht Rialtais thar 6 mhí (aithrisí (1) agus (21)), chomh maith le (ii) forfheidhmiú na comhthaobhachta lena n-urraítear an ráthaíocht Rialtais agus aistriú 75 % chuig úinéireacht an Stáit de na scaireanna a bhí i seilbh iar-scairshealbhóirí Blue Air tar éis an ráthaíocht a fhorghníomhú agus méideanna na hiasachta amuigh a íoc mar a thugtar tuairisc orthu in aithrisí (8) agus (20). Tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid go raibh an chabhair curtha i bhfeidhm cheana féin agus rinne sé measúnú ar cé acu a bhí nó nach raibh an chabhair sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.
- (37) Bhí amhras ar an gCoimisiún ar chomhlíon an chabhair um athstruchtúrú príomhcheanglais Threoirlínte R&R. Go háirithe, bhí amhras ar an gCoimisiún (i) an gcruthódh imeacht cinntitheach Blue Air ón margadh cruatan sóisialta nó teip mhargaidh, i dtaobh nascacht aeir sa Rómáin, (ii) maidir le ranníocaíocht dhílis leordhóthanach iarbhair a bheith ann saor ó chabhair ón tairbhí, (iii) maidir lena inmharthanacht fhadéarmach a athbhunú agus (iv) maidir le heaspa na mbeart cúiteach fóinteach.

4. BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA

- (38) Chuir Ryanair Designated Activity Company ('Ryanair') barúlacha isteach an 29 Meitheamh 2023. Aontaíonn Ryanair le cinneadh eatramhach an Choimisiúin maidir le neamh-chomhoiriúnacht na cabhrach athstruchtúrúcháin agus iarrann sé nach n-údarófar an Rómáin an chabhair sin a mhéadú in iarrachtaí in aisce chun Blue Air, a chuir deireadh le hoibríochtaí níos mó ná deich mí roimhe sin, a athbheochan. Measann Ryanair go bhfuil deireadh oibríochtaí iompair Blue Air in éifeacht anois, gan aon phaisinéirí fágtha agus nach bhfuil aon tionchar le feiceáil ar nascacht aeir sa Rómáin tar éis d'iomaitheoirí gníomhú i bhformhór na mbealaí intíre nó idirnáisiúnta a raibh Blue Air ag freastal orthu roimhe seo.
- (39) Measann Ryanair freisin go bhfuil an chabhair athstruchtúrúcháin díreireach sa mhéid nach leor an ranníocaíocht dhílis atá in easnamh agus an chomhroinnt ualaigh agus, thairis sin, nach bhfuil sé oiriúnach tacú le hinmharthanacht Blue Air bunaithe ar phlean athstruchtúrúcháin atá imithe i léig anois, go háirithe ós rud é gur cailleadh slótáin in aerfoirt chomhordaithe sa mhargadh inmheánach agus beagnach gach ball foirne. Mar gheall nach raibh Blue Air ábalta deimhniú nua aeroibreora a fháil bunaithe ar eagrú Blue Air chun sábháilteacht na n-oibríochtaí iompair a áirithiú, chuirfí a inmharthanacht i mbaol. Bheadh an plean de sháru ar na Treoirlínte R&R freisin toisc nach raibh sé i gceist leis ach scor de bhealaí neamhbhrabúsacha amháin agus leathnú iarbhair ar acmhainneacht Blue Air.

5. BARÚLACHA ÓN RÓMÁIN

- (40) Níor thug údarais na Rómáine aghaidh ar na barúlacha ón bpáirtí leasmhar ná ar an amhras a tharraing an Coimisiún anuas maidir leis an gcomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach. Áirítear lena mbarúlacha soiléirithe fíorasacha maidir le dócmhainneacht Blue Air agus bearta a rinneadh sa chomhthéacs sin.
- (41) Míníonn údarais na Rómáine (an Aireacht Airgeadais) tar éis fógra maidir le tionscnamh imeachtaí dócmhainneachta a fháil ó Tribunalul București – Secția a VII-a Civilă, i gcás Uimh. 8307/3/2023 i gcoinne Blue Air, arna fhoilsiú in B.P.I. Uimh. 5743/31.03.2023, gur chuir an Riarachán Náisiúnta Cánach, laistigh den sprioc-am a shocraigh an chúirt, iarratas isteach ar chlárú san eastát dócmhainneachta le haghaidh méid iomlán RON 411 707 165 (EUR 82,81 milliún) d'fhiachas urraithe agus d'éilimh bhuiséadacha.
- (42) Tar éis diúltú do roinnt méideanna (cáin bhreisluacha), foilsíodh réamhthábla éilimh agus féichiúnaithe Blue Air in B.P.I. Uimh. 11066. De réir an réamhthábla, áiríodh Ard-Stiúrthóireacht na gCáiníocóirí Móra agus ba é an méid a bhí á éileamh RON 84 964 821 (EUR 17,1 milliún) san ord tosaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 159(1)-(3) de Dhlí Uimh. 85/2014, chomh maith leis an Aireacht Airgeadais leis an éileamh de RON 342 365 589 (EUR 68,86 milliún) san ord tosaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 159(1)(3) den ghníomh reachtach céanna. Cuireadh an méid Státchabhrach a deonaíodh don chuideachta isteach mar éileamh bailí freisin ar choinníoll go gcinneadh margadhluach na n-earraí (ráthaíochtaí) a forghéilleadh chun an Státchabhair a aisghabháil i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Reachta Éigeandála Uimh. 139/2020 ón Rialtas.

- (43) Míníonn agus meabhraíonn údaráis na Rómáine freisin (an tÚdarás um Riarachán Sócmhainní Stáit), de réir bhunús dlí na ráthaíochta Rialtais arna leasú, i gcás fhorfheidhmiú na ráthaíochta Rialtais, go raibh na comhthaobhachtaí ábhartha, lena n-áirítear scaireanna Blue Air atá i seilbh iar-scairshealbhóirí, le haistriú go hiomlán chuig an Stát, tríd an Údarás um Riarachán Sócmhainní Stáit, agus bhí an Stát le bheith ina scairshealbhóir.
- (44) Dá réir sin, an 8 Nollaig 2022, mar a chinn Comhthionóil Ghinearálta Scairshealbhóirí Blue Air Aviation S.A., Airline Invest S.A. agus Blue Air Technic S.R.L., rinneadh scairshealbhóirí tromlaigh 75 % de Stát na Rómáine tríd an Údarás um Riarachán Sócmhainní Stáit trí aistriú deonach scaireanna ráthaithe óna n-úinéirí chuig an Údarás um Riarachán Sócmhainní Stáit, nach raibh aon rogha aige iad a ghlacadh nó gan iad a ghlacadh. Thóg scairshealbhóirí Blue Air ag an am go toilteanach gach céim ba ghá chun na cinntí sin a chlárú freisin sa Chlár Trádála, a cuireadh i gcrích an 12 Nollaig 2022.
- (45) Chuir údaráis na Rómáine in iúl freisin, ó bhí dáta thionscnamh na n-imeachtaí dócmhainneachta an 31 Márta 2023 ann, nach bhfuil gníomhaíocht tráchtála déanta ag Blue Air i gcomhréir lena chuspóir gnó agus, i bhfianaise scor a phríomhghnó, gur seoladh dífhostú comhchoiteann foirne agus nósanna imeachta chun rochtain a fháil ar an gCiste Ráthaíochta Tuarastal.
- (46) Sa chomhthéacs sin, measann údaráis na Rómáine nár thug aistriú scaireanna aon bhuntáiste díreach ná indíreach do Blue Air agus nach bhfuair Blue Air aon bhuntáiste eacnamaíoch maidir le méideanna na hiasachta a bhí dlite, agus é á chur san áireamh gur fíorbheag na cistí a bhí sna cuntais i mí na Nollag 2022 agus gur scoireadh d'íocaíochtaí ó bhí mí Mheán Fómhair 2022. Mar thoradh air sin, áitíonn údaráis na Rómáine nach raibh aon mhéideanna airgid le fáil san aistriú sin de scaireanna Blue Air a d'fhéadfadh aon bhuntáiste eacnamaíoch a thabhairt do Blue Air trí gan an iasacht arna ráthú ag an Stát a aisíoc.

6. MEASÚNÚ AR AN gCABHAIR

6.1. Státchabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE

- (47) De bhua Airteagal 107 (1) CFAE *'ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí, aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhúthín acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfadh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit..'*
- (48) Dá bhrí sin, chun beart a cháiliú mar chabhair de réir bhrí na forála seo, ceanglaítear go gcomhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas: (i) ní mór an beart a bheith inchurtha i leith an Stáit agus a bheith maoinithe trí acmhainní Stáit; (ii) ní mór dó buntáiste a thabhairt dá fhaighteoir; (iii) ní mór an buntáiste sin a bheith roghnach; agus (iv) leis an mbeart ní mór iomaíocht a shaobhadh nó saobhadh a bhagairt agus difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.

6.1.1. Leanúint ar aghaidh tar éis sé mhí den ráthaíocht Rialtais: buntáiste eacnamaíoch

- (49) Sa chinneadh maidir le cúnamh tarrthála, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur Státchabhair do Blue Air faoi Airteagal 107(1) CFAE a bhí sa ráthaíocht Rialtais a deonaíodh do chuideachta atá i gcrúachas de réir bhrí Threoirlínte R&R ⁽¹⁾. Ar na cúiseanna a leagtar amach ann, arna neartú leis an bhfíric go bhfuil staid airgeadais agus oibríochtúil Blue Air imithe in olcas i gcomparáid le Lúnasa 2020 nuair a formheasadh an cúnamh tarrthála, is é tuairim an Choimisiúin maidir leis an ráthaíocht Rialtais, i gcás an sciar den iasacht a deonaíodh mar chúnamh tarrthála, agus sa mhéid gur leanadh léi thar an tréimhse 6 mhí dá dtagraítear sa chinneadh sin maidir le cúnamh tarrthála, gurb é atá inti Státchabhair le haghaidh mhéid iomlán na hiasachta a rátháodh.

⁽¹⁾ Cinneadh maidir le cúnamh tarrthála, aithrisí (69) go (75).

- (50) Mar léiriú air sin, dealraíonn sé nach bhféadfadh Blue Air a ghnáthchostais oibriúcháin a chomhlíonadh a thuilleadh agus, in éagmais maoiniú margaidh, go raibh air stop a chur le hoibríochtaí i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2022 (aithrisí * MERGEFORMAT (32) agus * MERGEFORMAT (33)). Dá bhrí sin, ní bheadh Blue Air in ann leachtacht RON 163,8 milliún (EUR 33,84 milliún) arna soláthar ag an ráthaíocht Rialtais a bhaint amach ag dálaí an mhargaidh, ná nuair a deonaíodh an ráthaíocht sin ar dtús nó níos déanaí, nuair a coinníodh i bhfeidhm í tar éis dul in éag na tréimhse cúnamh tarrthála.
- (51) Ní thagann an cinneadh ar bhuntáiste eacnamaíoch salach ar an iniúchadh ar chomhréireacht fhéideartha an mhargaidh le hiompar údarais na Rómáine. Nochtaidh Stát na Rómáine i bhfabhar Blue Air, tháinig sé as ráthaíocht a sholáthair an Rómáin ar chúiseanna beartais phoiblí, *inter alia*, chun nascacht aeriompair a choinneáil ar bun i gcomhthéacs na mbeart sláinte poiblí a glacadh chun scaipeadh phaindéim COVID-19 a shrianadh ⁽¹²⁾. I bhfocail eile, ní dheonódh iomaitheoir sa margadh a bheadh sa staid chéanna le Stát na Rómáine an ráthaíocht atá i gceist, ná ní choinneodh sé í. Iompar an Stáit tar éis an ráthaíocht a dheonú, níl ann ach iarmhairt ar an Státchabhair a dheonaigh sé roimhe sin ina cháil mar údarás poiblí, agus dá bhrí sin, ní raibh sé bunaithe ar thosca a chuirfeadh oibreoir margaidh san áireamh, i ngnáthdhálaí margaidh, ina ríomhanna eacnamaíocha ⁽¹³⁾.

6.1.2. *Forfheidhmiú na comhthaobhachta lena n-urraítear an ráthaíocht Rialtais agus aistriú scaireanna Blue Air chuig úinéireacht Stáit: buntáiste eacnamaíoch*

- (52) A mhéid a bhaineann leis an dara beart a scrúdaíodh sa chinneadh tosaigh, agus contrártha leis an réamhthuairim a cuireadh in iúl ann, measann an Coimisiún, maidir le forfheidhmiú na comhthaobhachta lena n-urraítear an ráthaíocht Rialtais agus aistriú 75 % de scaireanna Blue Air chuig úinéireacht an Stáit tar éis iallach a bheith ar an Stát iasacht Blue Air faoin ráthaíocht a aisíoc, nach Státchabhair é sin de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE ar leithligh ón gcabhair atá leabaithe cheana sa ráthaíocht Rialtais sin.
- (53) Sa chinneadh tosaigh, mheas an Coimisiún nach soláthraítear buntáiste eacnamaíoch díreach do Blue Air mar gheall ar aistriú scaireanna ó úinéireacht phríobháideach go húinéireacht phoiblí mar, níl ann ach athrú úinéireachta. Mar sin féin, trí theideal scair-úinéireachta a chur in ionad teidil fiachais lena gceadaítear méideanna na hiasachta atá dlite do EximBank S.A. a aisíoc leis an Stát, ar teideal scair-úinéireachta é nach gá aisíocaíocht a fháil ó Blue Air ina leith a thuilleadh, réamh-chinn an Coimisiún go saortar leis an ionadú sin cistí in airgead tirim, cistí nár mhór do Blue Air a fháil óna chuid oibríochtaí roimhe sin. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go raibh amhras air faoi cé acu a tharla nó nár tharla táthcheangal na comhthaobhachta faoi threoir margadhluachanna comhthaobhachta den sórt sin. Léiríonn an fhaisnéis a sholáthair údarais na Rómáine le linn an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil nach raibh aon eisíocaíocht cistí, go háirithe chun tairbhe Blue Air, in éineacht leis an athrú ar an teideal úinéireachta (aithrisí (43)(44)). Thairis sin, ní laghdaíonn sealbhú scaireanna ag an Stát ar bhealach ar bith a theidliocht mar chreidiúnai i leith mhéideanna na ráthaíochta forfheidhmithe chun aisíocaíocht an airgid atá dlite ar Blue Air a éileamh (aithris (42)). Dá bhrí sin, níor soláthraíodh le teideal fiachais an Stáit a chur in ionad ionstraim chothromais, trí 75 % de na scaireanna in Blue Air a aistriú chuig an Stát, buntáiste eacnamaíoch do Blue Air a bheadh ar leithligh ón mbuntáiste a fuair sé tríd an ráthaíocht Rialtais le haghaidh mhéid na ndleachtanna iasachta a bhaineann leis an gcúnamh tarrthála.

6.1.3. *Ráthaíocht rialtais: Acmhainní Stáit, roghnaíocht agus éifeacht ar thrádáil agus ar iomaíocht*

- (54) Baineann an ráthaíocht Rialtais, mar a coinníodh i bhfeidhm í freisin tar éis dhul in éag na tréimhse cúnamh tarrthála, le hacmhainní Stát na Rómáine trí chinntí a rinne an Stát agus atá i bhfabhar Blue Air agus sin amháin. A mhéid a bhaineann le critéar na roghnaíochta, mar atá ráite ag an gCúirt, i gcás ina bhfuil cabhair aonair i gceist, is leor, i bprionsabal, an buntáiste eacnamaíoch a shainaithint chun tacú leis an toimhde go bhfuil beart

⁽¹²⁾ Cinneadh maidir le cúnamh tarrthála, aithrisí (85) go (97) agus (50) go (63).

⁽¹³⁾ Féach breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 6 Márta 2018, *an Coimisiún v FIH Holding agus FIH Erhvervsbank*, C-579/16 P, EU:C:2018:159, mír 58.

roghnaitheach ⁽¹⁴⁾. Tá sé sin amhlaidh gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil oibreoirí ar na margaí ábhartha atá i staid incomparáide. In aon chás, cé gur thairbhígh Tarom de ráthaíocht Rialtais den chineál céanna de bhua an reachta éigeandála chéanna le Blue Air, níl an ráthaíocht Rialtais atá faoi scrúdú mar chuid de bheart ginearálta atá ar fáil do gach gnóthas atá gníomhach in earnáil an aeriompair sa Rómáin; dá bhrí sin, tá an beart roghnaitheach.

- (55) Dá bhrí sin, is dócha go gcuirfeadh an beart cabhrach, lenar ceadaíodh go bhfanadh Blue Air ar an margadh, feabhas ar a staid iomaíoch sa mhargadh inmheánach, inar sholáthair Blue Air seirbhísí aeriompair i mBallstáit éagsúla san iomaíocht le Ryanair agus Wizz Air, i measc cuideachtaí eile (aithris (14)). Dá bhrí sin, ní mór a mheas gur dócha go bhféadfadh an beart sin iomaíocht a shaobhadh nó go bhféadfadh baol a bheith ann dá bharr go saobhaí an iomaíocht, agus difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.

6.1.4. *Conclúid maidir le cabhair a bheith ann*

- (56) I bhfianaise an mheasúnaithe ar na coinníollacha carnacha le haghaidh Státchabhair a bheith ann, cinneann an Coimisiún nach Státchabhair é aistriú 75 % de scaireanna Blue Air chuig úinéireacht an Stáit. Mar sin féin, toisc gur deonaíodh agus gur coinníodh i bhfeidhm an ráthaíocht Rialtais tar éis na tréimhse cabhrach tarrthála, is Státchabhair faoi Airteagal 107(1) CFAE í. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a dhlíthiúlacht agus a chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach.

6.2. **Dleathacht na cabhrach**

- (57) De réir Airteagal 108(3) CFAE, cuirfear an Coimisiún ar an eolas, in am trátha chun a chur ar a chumas dó a bharúlacha a chur isteach, faoi aon phlean chun cabhair a dheonú nó a athrú. Má mheasann sé nach bhfuil aon phlean den sórt sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, ag féachaint d'Airteagal 107, tionscnóidh sé, gan mhoill, an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal sin agus ní chuirfidh an Ballstát lena mbaineann na bearta atá beartaithe aige i bhfeidhm go dtí go mbeidh cinneadh críochnaitheach mar thoradh ar an nós imeachta sin.
- (58) Thairis sin, de réir Airteagal 1(c) de Rialachán (AE) 2015/1589 (an Rialachán Nós Imeachta) ⁽¹⁵⁾, is éard atá in athruithe ar chabhair atá ann cheana 'cabhair nua' atá infhógartha de bhun Airteagal 2(1) den Rialachán sin. Faoi Airteagal 3 den Rialachán Nós Imeachta, ní chuirfear cabhair atá infhógartha i bhfeidhm sula mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún, nó sula measfar go bhfuil cinneadh déanta aige, lena n-údaraítear cabhair den sórt sin.
- (59) Leis an gcinneadh maidir le cúnamh tarrthála údaraíodh cabhair do Blue Air i bhfoirm ráthaíocht Rialtais, chun aisiocaíocht na hiasachta tarrthála a fuair sé a urrú. Bhí an beart sin mar a leagtar amach é sa dréachtbhunús dlí ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún ag brath ar phlean athstruchtúrúcháin a chur in iúl laistigh de 6 mhí, a bhí le formhuiniú ag an gCoimisiún. Chuir údarais na Rómáine plean athstruchtúrúcháin tosaigh in iúl don Choimisiún laistigh de 6 mhí ón gcéad tarraingt anuas ar an iasacht ráthaithe (aithris (2)). Dá bhrí sin, d'fhéadfaí fadú ré na ráthaíochta, a formheasadh ar dtús ar feadh 6 mhí mar chúnamh tarrthála, a údarú go sealadach i gcomhréir le pointe 55(d) de Threoirlínte R&R.
- (60) Go dtí seo, áfach, agus d'ainneoin iarrataí athdhearbhaithe, níor chuir an Rómáin plean athstruchtúrúcháin isteach atá indéanta, comhleanúnach agus fadréimseach ar féidir leis an gCoimisiún é a fhormhuiniú i gcomhréir le pointe 45 de Threoirlínte R&R. Dá bhrí sin, is ionann an ráthaíocht Rialtais mar a deonaíodh agus a coinníodh i bhfeidhm tar éis na tréimhse cúnamh tarrthála agus cabhair neamhdhleathach.

6.3. **Comhoiriúnacht na cabhrach agus bunús dlí an mheasúnaithe**

- (61) Ní mór don Choimisiún a mheas an féidir a fháil amach an bhfuil an chabhair athstruchtúrúcháin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Is faoin mBallstát atá sé foras féideartha comhoiriúnachta a agairt, agus a léiriú go gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh comhoiriúnachta.

⁽¹⁴⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 4 Meitheamh 2015, *an Coimisiún v MOL*, C-15/14 P, EU:C:2015:362, mír 60.

⁽¹⁵⁾ Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1589/oj>).

- (62) Foráiltear le hAirteagal 107(3), pointe (c), CFAE gur féidir Státchabhair a údarú i gcás ina ndéanfaítear í chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a chur chun cinn agus i gcás nach ndéanann an chabhair sin dochar do dhálaí trádála a mhéid a bheadh contrártha leis an leas comhchoiteann. Leis na Treoirlínte R&R, soláthraítear rialacha agus coinníollacha le haghaidh an mheasúnaithe comhoiriúnachta ar chabhair athstruchtúrúcháin do ghnóthais atá i gcruachas de bhun Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE.
- (63) Ní mór scrúdú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar coinníollacha na dTreoirlínte R&R agus an measúnú ar chomhoiriúnacht na cabhrach athstruchtúrúcháin leis an margadh inmheánach á dhéanamh. Agus an plean athstruchtúrúcháin á chur isteach aici, mhaígh an Rómáin gur comhlíonadh na coinníollacha sin sa chás seo. Níor agair ná níor athdhearbhaigh an Rómáin, áfach, aon fhoras comhoiriúnachta den sórt sin mar fhreagairt ar an gcinneadh tosaigh. Mar sin féin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht i bhfianaise na n-amhras a tarraingíodh anuas sa chinneadh tosaigh.

6.3.1. *Rannchuidiú le gníomhaíocht eacnamaíoch nó limistéar eacnamaíoch a fhorbairt*

- (64) I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh athstruchtúrú gnóthais atá i gcruachas rannchuidiú le forbairt gníomhaíochtaí nó limistéir eacnamaíocha, thar na gníomhaíochtaí féin a dhéanann an tairbhí freisin. Is amhlaidh atá i gcás, in éagmais na cabhrach sin, ina mbeadh teip mhargaidh nó cruatan sóisialta mar thoradh ar mhainneachtain an tairbhí, rud a chuirfeadh bac ar fhorbairt na ngníomhaíochtaí agus/nó na limistéir eacnamaíocha a ndéanadh na cásanna sin difear dóibh. Leagtar síos i bpointe 44 de Threoirlínte R&R liosta neamh-uileghabhálach de chásanna den sórt sin. Trína chur ar a chumas don tairbhí leanúint dá chuid oibríochtaí, coisctear leis an gcabhair teip mhargaidh nó cruatan sóisialta den sórt sin agus, dá bhrí sin, rannchuidítear le forbairt na ngníomhaíochtaí nó na limistéir a ndéanadh imeacht ón margadh difear dóibh. I gcás cabhair um athstruchtúrú, níl sé sin fíor, áfach, ach amháin i gcás ina gcuireann an chabhair ar a chumas don tairbhí dul san iomaíocht sa mhargadh ar a fhiúntas féin, rud nach féidir a áirithiú ach amháin má tá plean athstruchtúrúcháin ag gabháil leis an gcabhair lena n-athbhunaítear inmharthanacht fhadtéarmach an tairbhí.

6.3.1.1. *Inmharthanacht fhadtéarmach a athbhunú*

- (65) De réir phointe 45 de Threoirlínte R&R, i gcás cabhair athstruchtúrúcháin, ceanglóidh an Coimisiún go dtíolacfaidh an Ballstát lena mbaineann plean athstruchtúrúcháin indéanta, comhleanúnach agus fadréimseach chun inmharthanacht fhadtéarmach an tairbhí a athbhunú. Leis an bplean athstruchtúrúcháin ní mór inmharthanacht fhadtéarmach an tairbhí a athbhunú laistigh d'amsála réasúnta agus ar bhonn toimhdí réalaiócha maidir le dálaí oibríochta amach anseo lenar cheart aon Státchabhair bhreise nach gcumhdaítear leis an bplean athstruchtúrúcháin a eisiamh. De réir phointe 52 de Threoirlínte R&R, baintear inmharthanacht fhadtéarmach amach nuair is féidir le gnóthas toradh réamh-mheasta iomchuí ar chaipiteal a sholáthar tar éis a chostais uile a chumhdach lena n-áirítear dímhéas agus muirir airgeadais.
- (66) Ar an gcéad dul síos, luaigh an Rómáin, ar choinníoll go mbeadh aerthracht na hEorpa athbhunaithe, go mbeadh feabhas ar thorthaí agus ar staid airgeadais Blue Air faoi shamhradh 2022. Thairis sin, tá réamh-mheastacháin shreabhadh airgid Blue Air bunaithe ar thoimhdí dóchasacha maidir le costais, ioncam agus/nó éileamh. Léirítear i dTábla 1 go bhfuil an Rómáin ag súil le glansreafaí dearfacha airgid ó oibríochtaí Blue Air os cionn EUR 10 milliún le haghaidh 2023, agus os cionn EUR 19 milliún le haghaidh 2022. Mar sin féin, de réir na bhforbairtí i bhfómhar 2022, ní raibh Blue Air in ann na costais dhíreacha ba ghá a íoc chun eitiltí a oibriú (e.g. liúntais CO₂, speansais bhreosla) ná dleachtanna a íoc ar ais ar an iasacht tarrthála (féach aithrisí (20) agus (32)).
- (67) Ar an dara dul síos, mar a leagtar amach in aithris (25) agus i dTábla 1, theip ar an Rómáin tacar príomhtháscairí eacnamaíocha a sholáthar don tréimhse athstruchtúraithe mar aon le sonraí a d'iarr an Coimisiún maidir le brabúsacht Blue Air ar feadh ré an phlean athstruchtúrúcháin. Ní léiriú leormhaith ar inmharthanacht fhadtéarmach ar dhóigh ar bith é brabús hipitéiseach amháin atá le feiceáil sa phlean a chuirtear in iúl don Choimisiún. Níl réamh-mheastacháin shonracha sa phlean athstruchtúrúcháin maidir leis an staid chothromais ná an caipiteal a úsáidtear ná gearáil lenar féidir teacht ar aon chonclúid maidir le sócmhainneacht agus maidir le cé acu a bheadh nó nach mbeadh staid chothromais Blue Air dearfach agus láidir. Leis an bhfaisnéis atá in easnamh maidir leis an toradh ar chothromas agus an toradh ar chaipiteal a úsáidtear i gcomparáid, mar shampla, le costas an chaipitil agus le haerlínte inchomparáide, ní féidir a mheas an mbeadh Blue Air inmharthana faoi dheireadh ag deireadh na tréimhse athstruchtúraithe.

- (68) Ar an tríú dul síos, níor thíolaic an Rómáin aon anailís íogaireachta, ina leagtar amach conas a fhorbródh réamh-mheastacháin an cháis bhunlíne i gcás níos doirbhe. Ba cheart go mbeadh gá cás den sórt sin a thaispeáint agus a léiriú conas a bheadh táscairí airgeadais éagsúil, agus fós tuilleamh leordhóthanach a ghiniúint chun costais oibriúcháin a chumhdach agus seasamh Blue Air ar an margadh a áirithiú gan Státabhair bhreise ag deireadh na tréimhse (féach aithris (25)).
- (69) An t-amhras mór a bhí ar an gCoimisiún maidir le cé a bhí nó nach raibh an plean athstruchtúrúcháin i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sna Treoirí R&R agus cé acu a bheadh nó nach mbeadh inmharthanacht Blue Air athbhunaithe mar thoradh air sin, agus déanann neamhábaltacht Blue Air oibríochtaí a choinneáil ar bun an t-amhras sin a threisiú tuilleadh. Níor tugadh an plean athstruchtúrúcháin cothrom le dáta tar éis scor na n-oibríochtaí nó tar éis ghlacadh an chinidh tosaigh.

6.3.1.2. Gníomhaíochtaí nó limistéir eacnamaíocha áirithe a fhorbairt

- (70) Mar a leagtar amach in aithris (30), sholáthair Blue Air, go háirithe, seirbhísí aeriompair ar chostas íseal do shaoránaigh Rómánacha atá ina gcónaí ar an gcoigríoch. Rinne sé réigiúin na Rómáine laistigh den tír agus cinn scríbe Eorpacha eile a nascadh, rud a chuidigh le nascacht a áirithiú i dtír nach rogha mhalartach inmharthana ar aeriompar an gréasán bóithre agus iarnróid atá lagfhorbartha.
- (71) Dá scoirfeadh Blue Air d'oibríochtaí go cinntitheach, mhaígh an Rómáin go bhféadfadh baol a bheith ann nach rachadh aon iomaitheoir isteach chun eitiltí a thairiscint, ar roinnt bealaí inarbh é Blue Air an t-aon oibreoir amháin, nó go dtiocfadh méadú ar phraghsanna ar bhealaí nach n-oibríonn ach iomaitheoir amháin eile iad. D'fhéadfadh laghdú ar ghníomhaíocht sa deighleog sin d'earnáil an aeriompair a bheith mar thoradh air sin. Chuir an Rómáin buntáistí eile níos leithne ar aghaidh freisin le haghaidh gheilleagar na Rómáine a chruthaigh Blue Air (aithrisí (30) go (31)).
- (72) Mar sin féin, tá deacrachtaí tromchúiseacha airgeadais ag Blue Air faoi láthair, ar dá bharr a cuireadh a cheadúnas oibríochta ar fionraí agus ar coinníodh a loingeas ar talamh ó mhí na Samhna 2022 ar aghaidh. Mar thoradh air sin, na seirbhísí sin a sholáthar Blue Air agus a dúradh ina leith nárbh fhéidir le haerlínte eile iad a sholáthar, tá aerlínte eile tar éis seirbhísí a chur ina n-ionad, go páirteach ar a laghad, (aithrisí (32) agus (38)), agus níor bhréagnaigh an Rómáin an t-ionadú páirteach sin.
- (73) De bhun phointí 23 agus 43 de Threoirí R&R, ní féidir a mheas go bhfuil gnóthas atá i gcrúachas oiriúnach chun rannchuidiú le gníomhaíocht nó limistéir eacnamaíoch a fhorbairt ach amháin má dhéanann sé plean athstruchtúrúcháin fadréimseach atá in ann a inmharthanacht fhadtéarmach a áirithiú (pointí 27, 45 agus 52 de Threoirí R&R). Bhí an-amhras ar an gCoimisiún an raibh an plean athstruchtúrúcháin a chuir an Rómáin in iúl oiriúnach chun inmharthanacht fhadtéarmach Blue Air a athbhunú (aithrisí (66) go (69)) ionas go leanfar de sheirbhísí aeriompair a sholáthraíonn sé a sholáthar le linn na tréimhse athstruchtúraithe agus ina dhiaidh sin ar bhonn buan. Tá an t-amhras sin fós ann.
- (74) Ós rud é nár áirithíodh inmharthanacht fhadtéarmach Blue Air go dtí seo, tagann an Choimisiún ar an gconclúid nach léirítear leis an bplean athstruchtúrúcháin go mbeadh an tairbhí in ann dul san iomaíocht sa mhargadh ar a fhiúntas féin ag deireadh na tréimhse athstruchtúraithe, agus dá bhrí sin go leigheasfaí a scor ón margadh tríd an athstruchtúrú sin, rud a rannchuideodh le forbairt gníomhaíochta eacnamaíche.
- (75) Thairis sin, ós rud é go bhfuil Blue Air tar éis scor go sealadach d'oibríochtaí aeriompair agus go bhfuil, ar a laghad, cuid de na seirbhísí a sholáthair sé glactha ar láimh ag aerlínte eile, nó gur tháinig seirbhísí aerlínte eile ina n-ionad ar bhealaí a raibh Blue Air ag freastal orthu roimhe seo, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nár léirigh an Rómáin go gcruthófaí cruatan sóisialta nó teip mhargaidh, go háirithe i dtaobh nascacht aer na Rómáine, dá n-imeodh Blue Air ón margadh go cinntitheach, i bhfianaise na seirbhísí a cuireadh in ionad sheirbhísí Blue Air cheana féin.

6.3.2. *Níor cheart don bheart cabhrach difear míchuí a dhéanamh do dhálaí trádála a mhéid a bheadh contrártha leis an leas comhchoiteann*

6.3.2.1. Comhréireacht agus ranníocaíocht dhílis

- (76) De réir phointe 62 de Threoirlínte R&R, chun comhréireacht na cabhrach athstruchtúrúcháin a áirithiú, éilítear ranníocaíocht nach beag leis na costais athstruchtúraíthe ó acmhainní dílse thairbhí na cabhrach, a scairshealbhoirí nó a chreidiúnaithe nó an ghrúpa gnó lena mbaineann sé, nó ó infheisteoirí nua. Ba cheart ranníocaíocht dhílis den sórt sin a bheith inchomparáide de ghnáth leis an gcabhair a dheonaítear i dtéarmaí éifeachtaí ar shócmhainneacht nó ar staid leachtachta an tairbhí.
- (77) Cé go bhfuil an plean athstruchtúrúcháin bunaithe ar chistiú margaidh le haghaidh níos mó ná 50 % de chostais athstruchtúraíthe Blue Air (aithris (20)), ar cosúil go bhfuil sé i gcomhréir le pointe 64 de Threoirlínte R&R, ní mór an ranníocaíocht sin a bheith fíor, de réir phointe 63 de Threoirlínte R&R, is é sin le rá a bheith iarbhrí, gan brabúis ionchasacha amach anseo amhail sreabhadh airgid a áireamh.
- (78) Mar a luaitear in aithris (22)(a) agus (b), d'fhormheas na cúirteanna inniúla iarratas ar athstruchtúrú fiachais ar éilimh chreidiúnaithe na Rómáine agus na hIodáile arbh ionann é agus EUR 63,36 milliún i bhfoirm díscríobh fiachais agus comhshó fiachais ina gcothromas. Mar sin féin, níor sholáthair an Rómáin cruthúnas maidir le gealltanais chinntitheacha agus cheangailteacha ó chreidiúnaithe ar théarmaí saor ó chabhair ná ar théarmaí an mhargaidh, agus dá bhrí sin níl aon ghné ag an gCoimisiún lena chinneadh gur fíor-ranníocaíocht agus ranníocaíocht iarbhrí dhílis atá sa mhaoiniú áirithe sin.
- (79) Chuir an Rómáin díol aerárthaí ar aghaidh freisin mar fhoinsé eile ranníocaíochta dílse, (féach aithris (21)(b)). Mar sin féin, d'admhaigh an Rómáin go raibh difheistiú na sócmhainní sin le cur i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2023. Rinne an Rómáin meastachán gurbh ionann an t-ioncam hipitéiseach ón díolachán agus EUR 5,89 milliún. Ní bhfuair an Coimisiún aon fhianaise gur tharla díol den sórt sin go hiarbhrí. Dá bhrí sin, ní fáltais éifeachtacha ná iarbhrí iad na fáltais a bhfuil súil leo ó dhíolacháin aerárthaí. In aon chás, ní bheadh sna fáltais sin, fiú dá nglacfaí leo, ach beagán os cionn 3,5 % den ranníocaíocht dhílis iomlán (féach aithris (20)).
- (80) Ina theannta sin, de réir na faisnéise a chuir an Rómáin isteach, bhí tionscadal le bunú le hinfeisteoir féideartha a sholáthródh maoiniú seachtrach suas le EUR 54,47 milliún (féach aithris (21)(c)). Mar sin féin, níor sholáthair an Rómáin fianaise ó infheisteoirí a bhí toilteanach tacú leis an ranníocaíocht fhéideartha sin de mhaoiniú nua leis an bplean athstruchtúrúcháin. Thairis sin, níl aon chinnteacht ann go dtiocfadh caibidlíocht chun maoiniú margaidh a mhealladh chun cinn, i bhfianaise easpa gealltanais ceangailteach ó infheisteoirí sainaitheanta agus imeacht iarscairshealbhoirí ó Blue Air de réir aithris (20).
- (81) Ar an mbealach céanna, chuir an Rómáin EUR 30,02 milliún san áireamh in acmhainní 2022 a gineadh go inmheánach mar fhoinsé ranníocaíochta dílse (féach aithris (21)(d)). Mar sin féin, níor chuir an Rómáin aon fhianaise i láthair lena ndeimhneofaí gur baineadh amach na glantorthaí pleanáilte sin agus an fáth ar cheart brabúis hipitéiseacha a mheas mar fhoinsé iarbhrí ranníocaíochta dílse de bhun phointe 63 de Threoirlínte R&R, lena n-eisiatar brabúis ionchasacha amhail sreabhadh airgid.
- (82) Dá bhrí sin, tagann an Choimisiún ar an gconclúid gur foinsí hipitéiseacha den chuid is mó iad na foinsí maoinithe a shainaithin an Rómáin (cé go raibh coinne leis go dtiocfadh siad chun cinn roimh dháta an chinnidh sin) agus nach fíor-ranníocaíocht mhór, iarbhrí dhílis iad le costais athstruchtúraíthe. Ní chomhfhreagraíonn cistiú an phlean athstruchtúrúcháin do cheanglais na dTreoirlínte R&R a mhéid a bhaineann le leordhóthanacht mhéid na ranníocaíochta dílse agus í a bheith de chineál iarbhrí, rud lena n-áirithítear comhréireacht na cabhrach.

6.3.2.2. Bearta lena gcuirtear teorainn le saobhadh iomaíochta

- (83) De réir phointe 76 agus de réir Threoirlínte R&R, nuair a dheonaítear cabhair athstruchtúrúcháin, ní mór bearta a dhéanamh chun saobhadh iomaíochta a theorannú, ionas go n-íoslaghdófar éifeachtaí díobhálacha ar dhálaí trádála a oiread agus is féidir agus gur mó na héifeachtaí dearfacha ná aon éifeacht dhíobhálach. Go háirithe, ba cheart bearta lena dteorannaítear saobhadh iomaíochta a bheith i bhfoirm beart struchtúrach de ghnáth, i.e. dífheistiú soiléir gníomhaíochtaí neamhchailleanais a chaithfí a thréigean ar aon nós chun inmharthanacht a chaomhnú.

- (84) Bhí amhras ar an gCoimisiún sa chinneadh tosaigh cé acu a bheadh nó nach mbeadh aon cheann de na bearta atá beartaithe a dtagtar tuairisc mhionsonraithe orthu in aithrisí (28) agus (29) ina mbearta iomaíochta struchtúracha nó bailí.
- (85) Níor chuir an Rómáin aon fhaisnéis ar aghaidh a d'fhéadfadh deireadh a chur le hamhras an Choimisiúin. Go háirithe, níor léirigh an Rómáin nach rogha tráchtála amháin a mhéadaíonn a hioncam é seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála a bheith á soláthar do thríú páirtithe ag eintiteas nó focuideachta de chuid Blue Air a bhíodh ag cur na seirbhísí sin ar fáil go himmheánach cheana do chuideachtaí nó d'eintitis a bhí faoin rialú céanna le Blue Air. Theip ar an Rómáin a thaispeáint go bhfuil na seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála atá i gceist chomh huathúil sin go ndéanann soláthar na seirbhísí sin ar an margadh an saobhadh iomaíochta a chúiteamh nó a mhaolú.
- (86) Theip ar an Rómáin freisin aon fhianaise a sholáthar go raibh na bealaí a moladh a dhúnadh brabúsach nó nach raibh gá le dúnadh na mbunáiteanna aerfoirt chun costais a shábháil in aon chás agus gur dócha go saorfaí acmhainn thábhachtach nó neamhchoitianta ina leith a d'fhéadfadh iomaitheoirí leasmhara a mhealladh. Thairis sin, ní áirítear i bplean na Rómáine aon dífheistiú ar ghníomhaíochtaí brabúsacha ná ar shócmhainní Blue Air, amhail gnólachtaí neamhspleácha, agus/nó scaoileadh sliotán ag aerfoirt phlódaithe.
- (87) Ar deireadh, leis an bplean athstruchtúrúcháin mar a cuireadh in iúl don Choimisiún é, déantar foráil maidir le méadú ar fhliú aerárthach Blue Air agus ar láithreach an mhargaidh a thomhaistear sna suíocháin atá ar fáil in aghaidh an chiliméadair i gcomparáid leis an tréimhse díreach sular ceapadh an bplean athstruchtúrúcháin agus sular cuireadh tús lena chur chun feidhme (aithris (23)). I gcodarsnacht leis sin, léirítear le pointí 78 agus 79 de Threoirlínte R&R bearta lena laghdaítear láithreach agus/nó acmhainneacht an tairbhí sa mhargadh, go háirithe i margai a bhfuil acmhainneacht iomarcach mhór acu.

6.3.3. Éifeachtaí dearfacha na cabhrach a mheas in éineacht leis an tionchar diúltach ar an margadh inmheánach

- (88) Le beart Státchabhrach a dheartar go cúramach, ba cheart a áirithiú nach ndéanann cothromaíocht fhoriomlán na n-éifeachtaí dochar do dhálaí trádála a mhéid a bheadh contrártha leis an leas comhchoiteann agus go bhfuil sé dearfach. Leagtar amach sna Treoirlínte R&R na critéir faoina ndéanann an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht na cabhrach chun gnóthas atá i gcrúachas leis an margadh inmheánach a athstruchtúrú, ag áirithiú nach ndéanann forbairt na gníomhaíochta eacnamaíche atá i gceist dochar do dhálaí trádála a mhéid a bheadh contrártha leis an leas comhchoiteann.
- (89) I bhfianaise thorthaí an mheasúnaithe thuas (sa roinn 6 seo), tagann an Coimisiún ar an gconclúid, ar thaobh amháin, nár léiríodh go rannchuideodh an chabhair athstruchtúrúcháin, go háirithe tar éis deireadh a chur le gníomhaíochtaí aeriompair Blue Air, le forbairt ghníomhaíocht eacnamaíoch nó nascacht air na Rómáine. Ar an taobh eile, ní chomhlíonann an chabhair athstruchtúrúcháin príomhcheanglais na dTreoirlínte R&R lena bhféachtar lena áirithiú go bhfuil an saobhadh iomaíochta a ghintear leis an gcabhair teoranta go cuí. Dá bhrí sin, ní mór a chinneadh go ndéanann an chabhair athstruchtúrúcháin dochar do dhálaí trádála a mhéid a bheadh contrártha leis an leas comhchoiteann, agus dá bhrí sin nach bhfuil sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE.

7. AISGHABHÁIL

- (90) De réir CFAE agus chásdlí bunaithe Chúirteanna an Aontais, tá an Coimisiún inniúil chun a chinneadh go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann cabhair a athrú nó a chealú nuair a chinnfidh sé nach bhfuil sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. ⁽¹⁶⁾ Tá sé ráite go comhsheasmhach ag Cúirteanna an Aontais freisin go bhfuil an oibleagáid atá ar Bhallstát deireadh a chur le cabhair a mheasann an Coimisiún a bheith ar neamhréir leis an margadh inmheánach ceaptha chun an staid a bhí ann roimhe sin a athbhunú. ⁽¹⁷⁾
- (91) Sa chomhthéacs sin, shuigh Cúirteanna an Aontais go mbaintear an cuspóir sin amach a luaithe agus a aisíocann an faighteoir na méideanna a deonaíodh trí chabhair neamhdhleathach, agus ar an mbealach sin go ndéantar an buntáiste a bhí aige ar a iomaitheoirí ar an margadh inmheánach a fhorghéilleadh, agus go ndéantar an staid sular íocadh an chabhair a athbhunú ⁽¹⁸⁾.

⁽¹⁶⁾ Breithiúnas an 12 Iúil 1973, an Coimisiún v an Ghearmáin, C-70/72, EU:C:1973:87, mír 13.

⁽¹⁷⁾ Breithiúnas an 21 Márta 1990, an Bheilg v an Coimisiún, C-142/87, EU:C:1990:125, mír 66.

⁽¹⁸⁾ Breithiúnas an 17 Meitheamh 1999, an Bheilg v an Coimisiún, C-75/97, AE:C:1999:311, míreanna 64 agus 65.

- (92) I gcomhréir leis an gcásdlí, luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 16(1) den Rialachán Nós Imeachta: 'i gcás ina ndéantar cinntí diúltacha i gcásanna cabhrach neamhdhleathaí, cinnfidh an Coimisiún go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann na bearta uile is gá chun an chabhair a aisghabháil ón tairbhí.'
- (93) Dá bhrí sin, ós rud é gur cuireadh an chabhair athstruchtúrúcháin de mhéid EUR 33,84 milliún (RON 168,4 milliún) chun feidhme ó bhí 22 Aibreán 2021 ann (féach aithris (2)) de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE, agus go measfar gur cabhair neamhdhleathach neamh-chomhoiriúnach í, déanfar í a aisghabháil chun an staid a bhí ar an margadh inmheánach sular deonaíodh í a athbhunú. Cumhdóidh aisghabháil an tréimhse ón dáta ar cuireadh síneadh leis an gcabhair in éagmais plean athstruchtúrúcháin bailí go dtí an aisghabháil éifeachtach. Beidh ús ar an méid atá le haisghabháil ón dáta ar tháinig an ráthaíocht Rialtais chun bheith neamhdhleathach an 22 Aibreán 2021, tar éis fhad an chúnamh tarrthála, a formheasadh ar feadh 6 mhí, a bheith imithe in éag in éagmais plean athstruchtúrúcháin bailí, go dtí an aisghabháil éifeachtach. Tugann an Coimisiún faoi deara nár cuireadh deireadh ar aon bhealach leis an mbuntáiste a d'eascair, don tairbhí, as ráthaíocht Rialtais mar gheall ar an bhféidearthacht gur tháinig deireadh leis an ráthaíocht sin nuair a d'aisíoc an Stát an iasacht tarrthála ar iarratas ón iasachtóir. Os a choinne sin, baineadh an leas is mó is féidir as an mbuntáiste sin, agus fanann sé leis an tairbhí fad nach n-aisíoctar éileamh an Stáit i leith Blue Air le hús.

8. CONCLÚID

- (94) Cinneann an Coimisiún gur chuir an Rómáin an chabhair athstruchtúrúcháin do Blue Air chun feidhme go neamhdhleathach lena gcuimsítear leanúint den ráthaíocht Rialtais thar 6 mhí agus ionadú a dhéanamh ar an iarchreidiúnaí de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE. Ba cheart don Rómáin an chabhair sin a aisghabháil le hús. Mar sin féin, forfheidhmiú na comhthaobhachta lena n-urraítear an ráthaíocht Rialtais agus aistriú 75 % de scaireanna Blue Air chuig úinéireacht Stáit, ní hionann iad agus Státchabhair.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh é 75 % de scaireanna Blue Air Aviation SA a aistriú chuig an Rómáin.

Airteagal 2

An Státchabhair *ad hoc* arb é atá inti an ráthaíocht Rialtais RON 163,8 milliún (EUR 33,84 milliún) a choimeád an Rómáin go neamhdhleathach i bhfabhar Blue Air Aviation SA de shárú ar Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá sí ar neamhréir leis an margadh inmheánach.

Airteagal 3

- (1) Aisghabhfaidh an Rómáin an chabhair neamh-chomhoiriúnach dá dtagraítear in Airteagal 2 ón tairbhí.
- (2) Íocfar ús ar na suimeanna atá le haisghabháil ón dáta ar tháinig an chabhair chun bheith neamhdhleathach an 22 Aibreán 2021 go dtí go n-aisghabhfar iad go hiarbhrí.
- (3) Ríomhfar an t-ús ar bhonn iolraithe i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún ⁽¹⁹⁾ agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 271/2008 ón gCoimisiún ⁽²⁰⁾ lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 794/2004.

⁽¹⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm (IO L 140, 30.4.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/794/oj>).

⁽²⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 271/2008 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm (IO L 82, 25.3.2008, lch. 1).

(4) Cuirfidh an Rómáin na híocaíochtaí uile den chabhair gan íoc dá dtagraítear in Airteagal 2 ar ceal le héifeacht ón dáta a dtabharfar fógra faoin gCinneadh seo.

Airteagal 4

- (1) Beidh aisghabháil na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 2 láithreach agus éifeachtach.
- (2) Áiritheoidh an Rómáin go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme laistigh de 4 mhí tar éis an dáta a thugtar fógra faoin gCinneadh seo.

Airteagal 5

- (1) Laistigh de 2 mhí tar éis fógra a fháil faoin gCinneadh seo, tíolacfaidh an Rómáin an fhaisnéis seo a leanas:
- (a) an méid iomlán (príomhshuim agus úis aisghabhála) atá le haisghabháil ón tairbhí;
 - (b) tuairisc mhionsonraithe ar na bearta a rinneadh cheana agus atá beartaithe chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh; agus
 - (c) doiciméid lena léirítear gur ordáíodh don tairbhí an chabhair a aisíoc.
- (2) Coinneoidh an Rómáin an Coimisiún ar an eolas faoi dhul chun cinn na mbeart náisiúnta arna nglacadh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme go dtí go gcuirfear aisghabháil na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 2 i gcrích. Cuirfidh sí isteach láithreach, ar iarraidh shimplí ón gCoimisiún, faisnéis maidir leis na bearta atá déanta cheana agus atá beartaithe chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh. Soláthróidh sí faisnéis mhionsonraithe freisin maidir leis na méideanna cabhrach agus úis aisghabhála arna n-aisghabháil cheana ón tairbhí.

Airteagal 6

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Rómáine.

Féadfaidh an Coimisiún na méideanna cabhrach agus úis aisghabhála a aisghabhhtar trí chur i bhfeidhm an chinnidh seo a fhoilsiú, gan dochar d'Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin